



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13701/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0276 (NLE)

SAN 690
DIGIT 244
EDUC 392

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 481 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche: cur chuige Eorpach maidir le luathbhrath agus scagthástáil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 481 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 481 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2026
COM(2026) 481 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le seiceálacha sláinte cardashoithíche: cur chuige Eorpach maidir le luathbhrath
agus scagthástáil**

IARSCRÍBHINN

Comhpháirteanna molta na seiceálacha sláinte cardashoithíche

Iarrtar ar na Ballstáit seiceálacha sláinte cardashoithíche a dhearadh agus a chur chun feidhme, seiceálacha a chuimsíonn tástálacha agus measúnuithe a chur i bhfeidhm go córasach laistigh de spriocphobal sainithe chun tosca riosca cardashoithíocha a bhrath go luath.

Molann EDS, ina mheasúnú ar an bhfianaise atá ar fáil¹, díriú ar na daoine sin atá i gcúram príomhúil agus a d'fhéadfadh riosca níos airde a bheith ag baint leo maidir le galair chardashoithíocha, mar gheall ar a n-aois nó toisc riosca a bheith ann. I bpacáiste teicniúil HEARTS EDS² lena n-áirítear cairteacha tuartha riosca, glactar cur chuige comhchosúil trí fhachtóirí riosca a úsáid mar phointí iontrála i suíomhanna cúraim sláinte phríomhúil le haghaidh measúnú riosca cardashoithíoch.

Soláthraítear leis an nGníomhaíocht Chomhpháirteach JACARDI³ moltaí praiticiúla maidir le seiceáil sláinte cardashoithíche a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear forléargas ar chuir chuige chun an spriocdhaonra a shainaithint a bhfuil cuireadh le tabhairt dóibh seiceáil sláinte a dhéanamh, rogha uirlise measúnaithe riosca chardashoithíoch agus minicíocht na mbeart leantach ar sheiceáil sláinte⁴.

Ba cheart an sainmhíniú ar an spriocphobal a bhfuil cuireadh le tabhairt dóibh le haghaidh seiceáil sláinte cardashoithíche, lena n-áirítear an t-aoisghrúpa agus na próifílí riosca, a bheith ag brath ar an gcomhthéacs náisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear eipidéimeolaíocht a ngalar cardashoithíoch, neamhionannais sláinte agus difríochtaí inscne.

Maidir le sonraí sláinte a bhailítear trí fhoinsí sonraí atá ann cheana, amhail an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Shláinte (EHIS)⁵, suirbhéanna ar scrúduithe sláinte agus foinsí ábhartha eile, is féidir leo leid a thabhairt maidir le roghnú an spriocphobail ar ar féidir le seiceáil sláinte cardashoithíche tionchar mór a imirt. Féadfar úsáid a bhaint as uirlisí measúnaithe riosca cardashoithíoch, amhail cairteacha tuartha riosca cardashoithíoch EDS⁶, SCORE2⁷ agus uirlisí eile atá bailíochtaithe go náisiúnta le linn seiceáil sláinte cardashoithíche, chun meastachán a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh teagmhas

¹ Jørgensen, T., Rotar, O., Juhl, C. B. agus Linneberg, A., *What is the effectiveness of systematic population-level screening programmes for reducing the burden of cardiovascular diseases?* an dara heagrán, Tuarascáil Sintéise Líonra Fianaise Sláinte EDS Uimh. 78, Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip, Cóbanhávan, 2024, ISBN 978-92-890-6088-2, <https://www.who.int/europe/publications/i/item/978-92-890-6088-2>.

² An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, *HEARTS: technical package for cardiovascular disease management in primary health care – Risk based CVD management*, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Ghinéiv, 2020, ISBN 978-92-4-000136-7, <https://www.who.int/publications/i/item/9789240001367>.

³ Gníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Galair Chardashoithíocha agus Diaibéiteas (JACARDI), Gníomhaíocht Chomhpháirteach EU4Health (Comhaontú Deontais Uimh. 101126953), 1 Samhain 2023-31 Deireadh Fómhair 2027, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA), le fáil ag: <https://jacardi.eu/>.

⁴ Leysen, W., Cardinale, A., Alexandra, C., Lampaert, A., Formenti, B., Armocida, B., et al., *Short Guide for Screening Individuals at Increased Risk of Developing Cardiovascular Diseases and Type 2 Diabetes*, Leagan 1.0.0, Zenodo, 2026, <https://doi.org/10.5281/zenodo.18415472>.

⁵ Tá faisnéis faoi EHIS le fáil sa roinn thiomnaithe faoin tsláinte ar shuíomh gréasáin Eurostat: [Forbhreathnú — Sláinte — Eurostat](#).

⁶ An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ‘*WHO updates Cardiovascular Risk Charts*’, suíomh gréasáin EDS, an 2 Meán Fómhair 2019, arna rochtain an 10 Iúil 2026. <https://www.who.int/news/item/02-09-2019-who-updates-cardiovascular-risk-charts>.

⁷ Meitheal SCORE2 agus comhar maidir le riosca cardashoithíoch ESC, ‘SCORE2 risk prediction algorithms: new models to estimate 10-year risk of cardiovascular disease in Europe’, *European Heart Journal*, Vol. 42, Issue 25, 2021, pp. 2439–2454, <https://doi.org/10.1093/eurheartj/ehab309>.

cardashoithíoch ag duine aonair atá ag fulaingt thar thréimhse ama. Ba cheart rogha uirlise measúnaithe riosca cardashoithíoch a mheas go cúramach bunaithe ar shainiúlachtaí na n-uirlisí atá ar fáil agus ar shaintréithe na tíre nó an réigiúin. Ba cheart é a bheith ag brath freisin ar an spriocghrúpa a shainaithnítear.

Ba cheart minicíocht na mbeart leantacha le haghaidh seiceáil sláinte cardashoithíche a bheith bunaithe ar riosca cardashoithíoch aonair agus ba cheart í a chinneadh ar bhonn an chomhthéacs áitiúil agus náisiúnta agus treoirlínte náisiúnta a leanúint, de réir mar is ábhartha. Ba cheart seiceálacha sláinte faille a thairiscint freisin trí fheachtais níos leithne (e.g. laethanta scagthástála), agus nuair a thagann daoine aonair i dteagmháil leis an gcóras cúraim sláinte (e.g. cúram príomhúil).

Iarrtar ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar na seiceálacha sláinte cardashoithíche seo a leanas a chun cuspóirí an Mholta seo ón gComhairle a bhaint amach.

Daoine faoi bhun 35 bliana d'aois

Seiceáil sláinte cardashoithíche amháin ar a laghad, lena n-áirítear measúnú ar iompraíochtaí sláinte, tomhas ar fhachtóirí riosca bitheolaíocha (lena n-áirítear brú fola), tástálacha glúcóis, feidhm duáin, innéacs corpmhaise, feidhm riospráide⁸ i gcás giorracht anála, stádas meabhairshláinte agus stair atáirgthe, más gá. I gcás daoine aonair a bhfuil stair teaghlaigh acu maidir le galar cardashoithíoch anabaí nó bás tobann cairdiach, ba cheart measúnú riosca agus meastóireacht bhreise a shaincheapadh don duine aonair de réir an chomhthéacs chliniciúil.

Daoine idir 35 agus 64 bliana d'aois

Moltar seiceálacha sláinte cardashoithíche córasacha don aoisghrúpa sin, a dhéantar gach 5 bliana ar a laghad, agus an mhinicíocht á hoiriúnú de réir próifíl riosca aonair nó áitiúla bunaithe ar stair an teaghlaigh agus ar fhachtóirí riosca eile.

Cuimsítear na heilimintí seo a leanas sa tseiceáil sláinte cardashoithíche:

Stair leighis, lena n-áirítear stair teaghlaigh an ghalair chardashoithíoch anabaí, stádas sláinte atáirgthe agus meabhairshláinte, aiste bia, gníomhaíocht choirp, feidhm riospráide, caitheamh tobac, vápáil agus úsáid táirgí nicitín gan toit agus tomhaltas alcóil;

Fachtóirí riosca cardashoithíoch a thomhas, lena n-áirítear brú fola, próifíl lipide (colaistéaról iomlán, LDL, HDL, tríghlicídí), agus lípeaprótéin(a) (tomhas amháin i ndaoine fásta), glúcós plasma troscáin agus haemaglóibín ghliceáilte (HbA1c);

Sláinte na nduán, lena n-áirítear créitínín séirim agus albaiminúiré a thomhas;

Leictreacardagram (ECG), de réir mar is gá;

Innéacs corpmhaise agus imlíne coime nó cóimheas idir coim agus airde.

Daoine aonair 65 bliana d'aois agus níos sine

Ba cheart seiceáil sláinte cardashoithíche mar a leagtar amach thuas a dhéanamh gach 3-5 bliana, lena n-áirítear leictreacardagram, tástálacha peiptídí natrúiréiseacha (NT-proBNP), measúnú bíge chun fibriliú aitriamach (ráta croí agus rithim) a bhrath nó a chur as an áireamh,

⁸ Cumann Riospráide na hEorpa agus Fondúireacht Eorpach na Scamhóg, 'Safe hearts require safe lungs: ERS and ELF response to the European Commission's proposal for Council Recommendations on health checks for cardiovascular diseases', páipéar seasaimh a cuireadh isteach mar fhreagairt ar an nglao ón gCoimisiún Eorpach ar fhianaise, 2026. Le fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/17812-Cardiovascular-diseases-health-checks/F33401934_ga

tástáil charda-scamlógach agus meastóireacht ar ghalar artaireach forimeallach, de réir mar is gá.

Tuilleadh barúlacha

Féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar fhachtóirí agus dálaí riosca cardashoithíoch ábhartha ó oidhreacht nó a bhfuil baint acu le cúrsaí géiniteacha, lena n-áirítear $Lp(a)$, Hipearcolaistéaróiléime Dhúchais agus an diaibéiteas de chineál 1, agus déanfar sin ar bhealach atá saincheaptha don staid náisiúnta.